

## Ábhar

## Gaeilge sa Ghaeltacht

### Téacsanna Léitheoireachta

Litir phearsanta ó chainteoir dúchais atá ina cónaí thar lear chuig a cara in Éirinn.

Sliocht as an leabhar *In Ord is in Eagar* leis an Dr Antain Mac Lochlainn (le foilsiú).

(Le caoinchead ón údar agus ó na foilsitheoirí Cois Life).

### Curtha in oiriúint do rang ina bhfuil mic léinn Ghaeltachta.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



## Waist 30" Leg 30"

Beidh tú ag léamh sleachta as ríomhphost a scríobh bean a bhfuil Gaeilge ó dhúchas aici chuig a deirfiúr in Éirinn nuair a d'aistrigh sí ó Éirinn go Meiriceá.

Hi!

'Bhfuil tú *flat out*? An bhfuil puinn eile aistí fágtha agat anois sula dtosóidh tú ar do thráchtas? An bhfuil *topic* agat dod' thráchtas? Táim ag cuimhneamh ort agus ag cur *productive vibes* id' threo!

Táim ag iarraidh *email* a sheoladh chugat le tamall ach níl aon seoltaí ar eolas agam a thuilleadh ó d'athraíos go *gmail*. Bhíodar ar fad ar mo chuntas san obair. Cuir aon seoltaí atá agat i mo threo...

Is é an trua go gcailleamar a chéile an oíche eile. Ní fhaca do nóta faoin *cinema* go dtí go gcríochníos ag caint le Róisín. *Sugar*. Ná bac san. Aon uair a bheidh tú ar an idirlíon, téigh ar *Skype* agus cífidimid a chéile air.

So díomá mór, ach na *jeans absolutely* aoibhinn a fuairis dom: ní oiriúníonn siad mé! Agus is breá lem' chroí iad!! Is dóigh liom go bhfuil siad níos teanna ná na rudaí a thriallas orm mé féin, bhí an *denim* difriúil so b'fhéidir go raibh níos mó *give* iontu. Ar aon nós, b'fhearr liom an *denim* sna cinn a fuairis féin agus Áine dom. Thriallas iad a thabhairt go dtí siopa *Levis* anseo féachaint an n-athróidís dom iad ach toisc go gceannaíodh san EU iad, ní féidir leo. An bhfuil aon tseans (braithim olc á fhiafraí seo mar tá's agam go bhfuil tú chomh *busy*: b'fhéidir go rithfeá suas go dtí *Arnotts* am lóin éigin??) go n-athrófá dom iad agus *waist 30" leg 30"* a fháil?? 'Bhfuil an *receipt* agat? Tá na *tags* fós orthu ar aon nós. Cuirfead sa phóist iad le *courier* - *Fed Ex* nó DHL. An cuma leat? Níor cheart go mbeadh aon fhadhb chomh fada is go ndéantar laistigh de mhí é.

Caithfead ualach mór eile *emails* a chur uaim anois féachaint an dtabharfadh éinne jab dom. Níl sé fuirist. Níl aon jabanna ar fáil puinn, agus tá daoine ag cailliúint a gcuid oibre gach aon lá. Níl sé ró-olc ar fad i réimse an oideachais i ndáiríre, ach níl aon duine ag fágaint a bpostanna. *Fingers crossed* go bhfaighead rud éigin sara fada. Tá an costas maireachtála an-ard ar fad ar fad anseo. *Crazy. Plus*, tá cairde de dhíth orm!! Táim ag súil go mbuailfead leo im' chuid oibre!

Chuas go dtí *Jazz Festival* an deireadh seachtaine seo, agus go dtí na ráiseanna! Ba dhóigh le héinne go raibh jab agus airgead agam! *Gas!* Tá an *nightlife* in ainm is a bheith go hiontach anseo...

## Léamh agus Plé

Léigh an sliocht agus pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat.

1. An gcuireann an méid samplaí den chódmheascadh atá sa sliocht iontas ort (athrú ó theanga amháin go teanga eile)?
2. An mbeadh an ríomhphost chomh nádúrtha céanna, dar leat, dá mbeadh an leagan Gaeilge de *denim*, *courier*, *email* úsáidte ag an scríbhneoir? Cé acu ceann de na focail sin atá níos nádúrtha i nGaeilge?
3. An féidir leat smaoineamh ar shamplaí d'fhocail nua Ghaeilge a bhfuil glacadh forleathan leo anois sa chaint? ('ríomhphost', 'ríomhaire' srl.)
4. An mbaineann tú féin mórán úsáide as an gcódmheascadh sa chaint sa bhaile? An bhfuil catagóir áirithe focal a mbíonn níos mó de chlaonadh agat iad a mheascadh seachas cinn eile – cén fáth mar shampla nach ndéarfá 'tá sé ar an *table*' nó 'féach amach an *window*'?
5. Cad iad na huaireanta a seachnaíonn tú an códmheascadh? Cén fáth?
6. Dá mbeadh an rogha agat, an i nGaeilge nó i mBéarla a léifeá cáipéisí oifigiúla? Cén fáth?
7. An drochrud é an códmheascadh? Mínigh.
8. An bhfuil difear idir na comharthaí poncaíochta a d'úsáidfeá i litir phearsanta agus in obair do chúrsa léinn? ('b'fhéidir go rithfeá suas go dtí *Arnotts* am lóin éigin??' / '*plus*, tá cairde de dhíth orm!!').

## Feasacht Teanga

1. Cén chanúint atá ag an mbean a scríobh an ríomhphost seo? Léirigh le samplaí.
2. Faigh samplaí sa sliocht de na nithe seo a leanas:
  - (i) foirmeacha táite
  - (ii) stór focal a bhaineann go dlúth leis an gcanúint áirithe atá sa téacs
3. An eol duit aon leaganacha i gcanúintí eile ar na focail seo:

ualach, fuirist, puinn, sara fada, ar aon nós, aoibhinn, aon tseans?
4. Cad iad na foirmeacha iolra i do chanúint féin ar (i) post; (ii) leabhar; (iii) rás; (iv) bileog; (v) gloine. Faigh amach cad é an leagan caighdeánach de na hiolraí sin. An féidir leat smaoineamh ar iolraí eile atá difriúil ó chanúint go canúint nó difriúil sa chaighdeán ó do chanúint féin?
5. Féach ar na focail thíos as an sliocht agus na focail eile atá cosúil leo ó thaobh litrithe agus fuaimnithe de. Léirigh an difear eatarthu le samplaí:

is dóigh  
oiriúnach  
teann

ar dóigh  
in oiriúint  
i dtéannta

teanntaithe

triall	triall	
aistriú	athrú	
seans	trí sheans	dul sa seans
ag súil	ag siúl	
ar siúl	ar shiúl	
tuilleadh	tuile	

6. Tá samplaí sna habairtí thíos d'fhocail a litríonn cainteoirí dúchais mícheart go minic. An féidir leat iad a cheartú?

Tá an fear sin an-árd.  
 Beidh an chomhdháil sin á reachtáil sa samhradh.  
 Is i mí Eanáir atá an spriocdháta don aiste sin.  
 Cén t-ám a bheidh tú ann anocht?  
 Dhéanfaidís an tionscadal dá mbeadh am acu.  
 An bhfuil tú saor i gcóir caife inniú?  
 Tá mé ag déanamh m'aiste faoi stiúr an léachtóra sin.  
 Tá súil agam go mbé tú ann.  
 An féidir leat é sin a chuir chugam?  
 An féidir leat é sin a dhéanadh dom?  
 Comhgháirdeas leat!

## Iarobair

### Téacs

Anois léigh an sliocht thíos as an leabhar *In Ord is in Eagar* leis an Dr Antain Mac Lochlainn. Tráchtann sé ar nithe a thagann chun cinn i gcúrsaí aistriúcháin / téarmaíochta.

Sula léann tú an téacs pléigh na ceisteanna seo:

1. Cad atá ar eolas agat faoi obair an aistritheora? An obair í a thaitneodh leatsa?
2. Cad atá ar eolas agat faoin gCoiste Téarmaíochta agus faoin obair a dhéanann Rannóg Aistriúcháin Thithe an Oireachtais?
3. Cén Ghaeilge atá agat ar *mobile phone*? Cé acu leagan an leagan ceart: 'guthán póca', 'fón póca', 'guthán siúil', 'guthán soghluaiste'? Dá mbeifeá idir dhá chomhairle faoi na leaganacha seo conas a gheofá amach cad é an leagan ceart?
4. Cén focal atá agat ar *electricity* – 'aibhléis' nó 'leictreachas'? Cén ceann is fearr a thaitníonn leat? Cén fáth?
5. Féach ar na focail i gcló dubh sa téacs. An bhféadfá Béarla a chur ar na cinn a thuigeann tú? Cuardaigh an leagan Béarla de na cinn nach bhfuil ar eolas agat – cad iad na cinn a bheadh ar [www.focal.ie](http://www.focal.ie) dar leat agus cad iad na cinn nach mbeadh? Cad é an difear idir foclóir (i.e. Ó Dónaill) agus áis téarmaíochta (i.e. [www.focal.ie](http://www.focal.ie))?
6. Déan féin agus an duine in aice leat liosta de na nithe go léir, dar libh, a léiríonn na stíleanna éagsúla sa dá théacs seo (an litir phearsanta agus an téacs as an leabhar).

## Tascanna

- Faigh amach cad é a dhéanann An Coiste Téarmaíochta (tá píosa faoin gcoiste i gcartlann [www.beo.ie](http://www.beo.ie) faoin teideal ‘Dúshraith na Gaeilge’ – An Coiste Téarmaíochta).
- Bain triail as an áis téarmaíochta [www.focal.ie](http://www.focal.ie) agus faigh níos mó amach faoi conas é a úsáid.
- Déan anailís ar an gcódmheascadh a dhéanann tú féin agus coinnigh cuntas air – an féidir leat catagóirí áirithe focal a aithint seachas a chéile?
- Déan taighde ar na hacmhainní foclóireachta atá ar fáil ar líne.

## ‘Aibhléis’ nó ‘Leictreachas’?

Seo thíos sliocht as leabhar *In Ord is in Eagar* leis an Dr Antain Mac Lochlainn.

Nós **inmholta** d’eagarthóirí is ea **cloí le** téarmaíocht fhaofa i.e. téarmaí atá **faofa** ag ceann de na heagraíochtaí a bhfuil údarás acu sa **réimse** sin, mar atá an Coiste Téarmaíochta (CT) agus Rannóg Aistriúcháin Thithe an Oireachtais (an Rannóg). Bíonn gradam agus údarás lena gcuid oibre agus, corruair, bíonn stádas dlíthiúil leis, mar atá i gcás shaothar Choiste Comhairleach na dTéarmaí Dlíthiúla a foilsíodh sa leabhrán *Téarmaí Dlí* (1960). Bíonn ‘normalú’ nó caighdeánú le cur i gcrích ag **téarmeolaithe** chomh maith le téarmaí nua a cheapadh. Má tá níos mó ná téarma amháin i **gcúrsaíocht** le haghaidh aon choincheapa amháin, déantar iarracht téarma údarásach amháin a chur i réim. Theastaigh a leithéid de threoir i gcás *mobile phone*, mar shampla, toisc an-chuid leaganacha a bheith in úsáid i measc lucht na Gaeilge. Is féidir cúig cinn déag a áireamh, ar a laghad.

guthán póca	teileafón póca	fón póca
guthán siúil	teileafón siúil	fón siúil
guthán iniompartha	teileafón iniompartha	fón iniompartha
guthán so-iompartha	teileafón so-iompartha	fón so-iompartha
guthán móibíleach	teileafón móibíleach	fón móibíleach

‘Fón póca’ a mholtar inniu. B’fhéidir go measfadh daoine gur roghnaíodh an téarma mícheart. B’fhéidir gurbh fhearr le daoine áirithe ‘fón siúil’. Ach is beart ciallmhar géilleadh d’fhoinsé áirithe sna cúrsaí seo seachas ligean don nuathéarmaíocht imeacht ó smacht ar fad.

Athrú bunúsach i dtéarmeolaíocht na Gaeilge ná an **clonadh** i dtreo ‘téarmaí idirnáisiúnta’ a úsáid i sainréimsí teicneolaíochta agus sna heolaíochtaí trí chéile. Níos eile ar fad a bhí á chleachtadh i dtús athbheochan na Gaeilge. Ba é ba mhian a dhéanamh an t-am sin ná ‘téarmaí dúchasacha’ a aimsiú sa Ghaeilge féin agus diúltú do gach tionchar eachtrannach.

Déantar na téarmaí idirnáisiúnta a **dhíorthú** as fréamhacha Gréigise nó Laidine. An nós céanna atá i réim i bhformhór thíortha na hEorpa, sa chaoi is go mbíonn cosúlacht idir téarmaí ó theanga go chéile. Cuirtear **traslitríú** i bhfeidhm ar na téarmaí, is é sin le rá go litrítear iad ar shlí a oireann do chóras foghraíochta agus deilbhíochta na teanga a bhfuil siad á nglacadh isteach inti...Sa réamhrá le EID liostaigh Tomás de Bhaldraithe cuid de na hiarrachtaí a rinneadh chun leagan **dúchasach** den fhocal *telescope* a chumadh i nGaeilge.

cianarcán, cianamharcán, ciannarcán, ciandarcán, ciandearcán,  
cianradharcán, ciandracán, fadradharcán, fadamhrcán, faidearcán,  
radharcghloine, súilghloine, súil-fhiodán, gloine fadradhairc, gloine  
fhéachaint, telescóp, tealoscóp, teileascóp.

Ocht leagan déag, mura miste leat. Admhaím gur iarrachtaí traslitrithe atá sna trí cinn deiridh. Go deimhin, is é ‘teileascóp’ an téarma atá in úsáid inniu. Is iomaí sin bua ag leaganacha mar ‘teileascóp’. Tá siad **trédhearcach**; thuigfeá iad gan mórán den teanga a bheith ar eolas agat, fiú. Bua eile ná go mbíonn na téarmaí idirnáisiúnta **aonchiallach** de ghnáth. Níl aon **débhriocht** san fhocal ‘teileascóp’; cuireann sé **coincheap** amháin in iúl gan **athbhri** dá laghad...

...Níl aon duine **ag maíomh** gur cheart na téarmaí dúchasacha a chosc. Tá sciar maith acu chomh cruinn le téarma idirnáisiúnta ar bith. Scríobh Mícheál Ó Bréartúin, innealtóir, leabhar breá dar teideal *Aibhléis* inar thug sé cuntas ar shaothrú an leictreachais ó thús ama. **Ba dhána** an t-eagarthóir a ‘cheartódh’ é nó a choscfadh ar dhaoine eile ‘guthán’ a scríobh in áit ‘teileafón’. Ach is deacair na téarmaí dúchasacha a chur in oiriúint do riachtanais na teicneolaíochta. Ní cabhair dúinn ‘aibhléis’ chun coincheapa chomh bunúsach le *electrical* agus *electrician* a chur in iúl. An dtuigfeadh daoine ‘aibhléiseach’ agus ‘aibhléiseoir’? Agus feictear cé chomh riachtanach is atá an réimír ‘teile(a)-’ nuair a bhíonn trácht ar *telecommunications* agus ar *telemarketing*. Téarma aonchiallach, trédhearcach is ea ‘teileachumarsáid’. **Mugadh magadh** de théarma a bheadh in ‘guthchumarsáid’.